Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9509/26**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2025/0543(COD)**
**2025/0544(CNS)**

**RECH 233**
**COMPET 592**
**IND 348**
**MI 504**
**EDUC 171**
**TELECOM 247**
**ENER 261**
**ENV 533**
**CLIMA 273**
**AGRI 398**
**TRANS 326**
**SAN 323**
**BIOTECH 59**
**CADREFIN 230**
**CODEC 961**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | *Ullmhúchán don Chomhairle (Iomaíochas (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás)) an 28-29 Bealtaine 2026*<br>An Pacáiste Fís Eorpach: Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht 2028-2034<br>(a) An Clár Réime agus na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh<br>(b) Clár sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach<br>– *Díospóireacht bheartais* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo nóta stiúrtha ón Uachtaránacht i bhfianaise na díospóireachta beartais maidir le pacáiste Fís Eorpach ag an gComhairle Iomaíochais, an 29 Bealtaine 2026.

## AN PACÁISTE FÍS EORPACH: CLÁR RÉIME UM THAIGHDE AGUS UM NUÁLAÍOCHT 2028-2034

## DÍOSPÓIREACHT BHEARTAIS

Ó foilsíodh na tograí ón gCoimisiún le haghaidh Chlár Réimse Fís Eorpach don tréimhse 2028-2034 agus le haghaidh an Chláir Shonraigh lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach an 16 Iúil 2025, tá obair fhorleathan déanta ag an gComhairle agus a cuid comhlachtaí ullmhúcháin ar an bpacáiste. Faoi Uachtaránacht na Danmhairge agus Uachtaránacht na Cipire, scrúdaigh an Mheitheal um Thaighde roinnt téacsanna comhréitigh ón Uachtaránacht a chumhdaigh an dá thogra reachtach. I gcomhthreo leis sin, bhí díospóireachtaí tiomnaithe beartais ag an gComhairle Iomaíochais ag na cruinnithe a bhí aici an 30 Meán Fómhair 2025, an 9 Nollaig 2025 agus an 27 Feabhra 2026 maidir le réimsí téamacha sonracha.

Mar thoradh ar an dianobair seo, rinneadh dul chun cinn suntasach agus meastar go bhfuil cuid mhaith den phacáiste cobhsaí anois. Tá cóineasú leathan tagtha chun cinn maidir le struchtúr an chláir, a chuspóirí, ailtireacht agus ábhar na gceithre cholún agus maidir le formhór na bhforálacha a bhaineann le rannpháirtíocht agus cur chun feidhme.

In ainneoin an dul chun cinn a rinneadh, tá saincheisteanna ríthábhachtacha fós ann maidir le líon áirithe gnéithe den chlár atá íogair ó thaobh na polaitíochta de, lena n-áirítear:

- tosaíochtaí straitéiseacha a shocrú, lena n-áirítear an t-ailíniú idir Fís Eorpach agus an Ciste Eorpach um Iomaíochas;
- comhpháirtíochtaí Eorpacha;
- an fairsingiú;
- taighde agus nuálaíocht chomhoibríoch ón mbun aníos.

I bhfianaise an mhéid sin, ba mhaith leis an Uachtaránacht díospóireacht bheartais a reáchtáil le linn an chruinnithe a bheidh ag an gComhairle COMPET (Taighde) an 29 Bealtaine chun treoir pholaitiúil luachmhar a bhailiú chun leanúint den chaibidlíocht agus chun cabhrú le limistéir tuirlingthe a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint le haghaidh comhaontú i dtreo dheireadh Uachtaránacht na Cipire.

*Cén treoir pholaitiúil a thabharfá i dtaobh leanúint den chaibidlíocht agus cé na gnéithe de na ceithre shaincheist thuasluaite is tábhachtaí, dar leat, chun teacht ar chomhaontú maidir leis an bpacáiste Fís Eorpach, faoi dheireadh an tseimeastair?*